

EBA/GL/2022/06

30/06/2022

Treoirlínte

maidir leis na bearta tagarmharcála um chleachtais luacha saothair, an bhearna phá idir na hinscní agus cóimheasa formheasta níos airde faoi Threoir 2013/36/AE

Oibleagáidí comhlíontachta agus tuairiscithe

Stádas na dTreoirínte seo

1. Tá treoirínte sa doiciméad seo a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010¹. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla agus d'institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh na Treoirínte a chomhlíonadh.
2. I dtreoirínte, leagtar amach tuairim an ÚBE maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir leis an gcaoi ar cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse ar leith. Ba cheart d'údaráis inniúla, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbaineann treoirínte, comhlíonadh trí na treoirínte a ionchorprú ina gcleachtais mar is cuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhaoirseachta a leasú), agus cásanna ina bhfuil na treoirínte dírithe go príomha ar institiúidí san áireamh.

Ceanglais tuairiscithe

3. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla fógra a thabhairt don ÚBE maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na treoirínte seo á gcomhlíonadh acu, nó cibé an bhfuil nó nach bhfuil sé ar intinn acu iad a chomhlíonadh, nó cúiseanna a sholáthar le neamhchomhlíonadh ar shlí eile, faoin 27.12.2022. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta seo, measfaidh an ÚBE go bhfuil údaráis inniúla neamhchomhlíontach. Ba chóir fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an ÚBE a chur isteach agus an tagairt 'EBA/GL/2022/06' a úsáid. Ba cheart go mbeadh fógraí curtha isteach ag daoine a bhfuil an t-údarás cuí acu chun comhlíonadh a thuairisciú thar ceann a n-údarás inniúil. Ní mór aon athrú ar stádas an chomhlíonta a thuairisciú don ÚBE chomh maith.
4. Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin an ÚBE, de réir Airteagal 16(3).

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch 12).

Ábhar, raon feidhme agus sainmhíthe

Ábhar

5. Sonraítear leis na Treoirlínte seo, chun críocha maoirseacht a dhéanamh ar bheartais luacha saothair i gcomhréir le hAirteagal 75 de Threoir 2013/36/AE, an fhaisnéis atá le soláthar ag institiúidí roghnaithe d'údaráis inniúla chun treochtaí agus cleachtais luacha saothair a thagarmharcáil, lena n-áirítear faisnéis arna nochtadh i gcomhréir leis na critéir maidir le nochtadh a bhunaítear i bpointí (g), (h), (i) agus (k) d'Airteagal 450(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ('sonraí luacha saothair') agus an fhaisnéis atá le soláthar chun an bhearna phá idir na hinscní a thagarmharcáil ('sonraí na bearna pá idir na hinscní').
6. Sonraítear leis na Treoirlínte seo freisin, i gcomhréir leis an séú eang de phointe (ii) d'Airteagal 94(1)(g) de Threoir 2013/36/AE, an fhormaid chomhchoiteann tuairiscithe a bheidh le húsáid chun críocha cóimheasa formheasta níos airde idir na comhpháirteanna seasta agus athraitheacha den luach saothair ('sonraí cóimheasa níos airde') a thagarmharcáil.
7. Sonraítear leis na Treoirlínte seo conas a bhaileoidh údaráis inniúla ó institiúidí na cóimheasa formheasta níos airde, na sonraí maidir le luach saothair agus an bhearna phá idir na hinscní (dá ngairtear 'sonraí tagarmharcála' le chéile) agus conas a chuirfidh siad na sonraí tagarmharcála faoi bhráid an ÚBE ansin.

Raon feidhme

8. Tá feidhm ag na treoirlínte seo ar leibhéal aonair, fo-chomhdhlúite agus comhdhlúite mar a leanas:
 - a. ba cheart sonraí luacha saothair a bhailiú ar leibhéal chur i bhfeidhm na gceanglas maidir le nochtadh mar a leagtar amach in Airteagal 6(3) agus in Airteagal 13 de Rialachán (AE) 575/2013;
 - b. níor cheart sonraí faoin mbearna phá idir na hinscní agus sonraí cóimheasa formheasta níos airde a bhailiú ach ar bhonn aonair.

Seolaithe

9. Tá na Treoirlínte seo dírithe ar údaráis inniúla mar atá sainmhíthe in Airteagal 4(2), i bpointe (1) agus i bpointe (viii) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus ar institiúidí airgeadais mar atá sainmhíthe i bpointe (1) d'Airteagal 4 de Rialachán Uimh. 1093/2010 ar institiúidí iad mar atá sainmhíthe i bpointe (3) d'Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 575/2013, ag féachaint do ghnólachtaí infheistíochta atá faoi réir Airteagal 1(2) nó (5) de Rialachán (AE) 2019/2033 ('institiúidí').

Sainmhíithe

10. Tá an bhrí chéanna sna Treoirí seo ag téarmaí a úsáidtear agus a shainítear i dTreoir 2013/36/AE, i Rialachán (AE) 575/2013 agus i dTreoirí an ÚBE maidir le beartais fhóna luacha saothair faoi Threoir 2013/36/AE.

Cur chun feidhme

An dáta iarratais

11. Beidh feidhm leis na Treoirlínte seo ón 31 Nollaig 2022.

Socruithe idirthréimhseacha

12. Ba cheart d'institiúidí na sonraí tagarmharcála don bhliain airgeadais dar críoch 2022, gan sonraí na bearna pá idir na hinscní a áireamh, a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil faoin 31 Lúnasa 2023, agus ba cheart do na húdarás inniúil iad a chur faoi bhráid an ÚBE faoin 31 Deireadh Fómhair 2023. Ba cheart go mbainfeadh an chéad bheart tagarmharcála maidir leis an mbearna phá idir na hinscní leis an mbliain airgeadais 2023.

Aisghairm

13. Aisghairtear Treoirlínte an ÚBE maidir leis an mbeart tagarmharcála luacha saothair (EBA/GL/2014/08)² le héifeacht ón 31 Nollaig 2022.

14. Déanfar tagairtí i dtreoirlínte eile do na Treoirlínte a aisghairtear le mír 13 a fhorléiriú mar thagairt do na Treoirlínte seo.

² Féach <https://www.eba.europa.eu/regulation-and-policy/remuneration/guidelines-on-the-remuneration-benchmarking-exercise>

Treoirlínte maidir leis na bearta tagarmharcála ar chleachtais luacha saothair, an bhearna phá idir na hnschní agus cóimheasa formheasta níos airde faoi Threoir 2013/36/AE

1. Raon feidhme na n-institiúidí atá le cur san áireamh sna bearta sonraí tagarmharcála

1.1 Raon feidhme na n-institiúidí chun sonraí luacha saothair a bhailiú

15. Ba cheart d'údaráis inniúla sonraí luacha saothair ó na hinstiúidí is mó i dtéarmaí mhéid na sócmhainní ina mBallstát a bhailiú agus a chur faoi bhráid an ÚBE, lena áirithiú go gcumhdaítear 60% ar a laghad de mhéid sócmhainní an chórais bhaincéireachta sa Bhallstát sin.

16. I gcás nach féidir an clúdach 60% dá dtagraítear sa mhír roimhe seo a bhaint amach go réasúnta i mBallstát, ba cheart d'údaráis inniúla sonraí luacha saothair ó suas le 20 institiúid de na hinstiúidí is mó i dtéarmaí méid na sócmhainní ina mBallstát a bhailiú agus a chur faoi bhráid an ÚBE. Níor cheart go n-áireofaí ar na sonraí sin institiúidí a mbaileoidh an maoirseoir comhdhlúthaithe sonraí ina leith de réir leibhéal chur i bhfeidhm na gceanglas maidir le nochtadh a leagtar amach in Airteagal 13 de Rialachán (AE) 575/2013. Faigheann údaráis inniúla faisnéis ón ÚBE a mbailítear sonraí máthairghnóthais an Aontais ina leith tríd an liosta dá dtagraítear i mír 24.

1.2 Raon feidhme na n-institiúidí maidir le bailiú sonraí faoin bhbearna phá idir na hinscíní

17. Ba cheart d'údaráis inniúla sonraí faoin bhearna phá idir na hinscíní a bhailiú agus a chur faoi bhráid an ÚBE ar bhonn aonair ó na hinstiúidí óna mbailíonn na húdaráis inniúla sin sonraí luacha saothair, i.e. an institiúid atá freagrach as sonraí a chomhdhlúthú faoi Airteagal 13 de Rialachán (AE) 575/2013 nó an institiúid aonair a áirítear sa sampla le haghaidh tagarmharcáil luacha saothair. Ba cheart d'údaráis inniúla sonraí faoin mbearna phá idir na hinscíní a bhailiú freisin ó institiúidí nach gcáilíonn mar institiúidí beaga agus neamhchasta i gcomhréir le pointe (145) d'Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 575/2013 agus a dhéanann ionadaíocht leordhóthanach ar éagsúlacht na n-institiúidí éagsúla sa Bhallstát sin, lena n-áirítear institiúidí a bhfuil urrúis acu ar féidir iad a thrádáil nó atá i seilbh phríobháideach, bainc chomharchumainn agus coigiltis, bainc faoi úinéireacht stáit agus gnólachtaí infheistíochta a chuireann Treoir 2013/36/AE i bhfeidhm. Ar aon chuma, níor cheart sonraí na bearna phá idir na hinscíní a bhailiú ach ó institiúidí a bhfuil ar a

laghad 50 ball foirne acu ar bhonn aonair, gan comhaltaí an chomhlachta bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta a áireamh.

18. Agus mír 17 á gcur i bhfeidhm acu, ba cheart d'údaráis inniúla iarracht a dhéanamh sonraí na bearna pá idir na hinscní a bhailiú ó 5 institiúid ar a laghad (ar bhonn aonair) i ngach ceann de na catagóirí méide seo a leanas ina mBallstát, fiú má bhaineann bailiú sonraí tagarmharcála luacha saothair faoi roinn 1.1 le líon níos ísle institiúidí:
- a. sócmhainní iomlána de suas le EUR 5 bn;
 - b. sócmhainní iomlána idir EUR 5 bn agus EUR 15 bn;
 - c. sócmhainní iomlána de EUR 15 bn nó níos mó.

1.3 Raon feidhme na n-institiúidí chun cóimheasa formheasta níos airde a thagarmharcáil

19. Ba cheart d'údaráis inniúla sonraí ardchóimheasa formheasta a bhailiú, a chomhiomlánú agus a chur faoi bhráid an ÚBE ó na hinstitiúidí go léir ar bhonn aonair a bhfuil formheas a scairshealbhóirí acu chun cóimheas idir na comhpháirteanna athraitheacha agus seasta luach saothair atá níos airde ná 100% faoi Airteagal 94 (1)(g)(ii) de Threoir 2013/36/AE a chur i bhfeidhm.

2. Sonraí tagarmharcála a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil

20. Chun a chumasú d'údaráis inniúla sonraí luacha saothair a bhailiú agus a chur faoi bhráid an ÚBE i gcomhréir leis na treoirlínte seo, ba cheart d'institiúidí dá dtagraítear i bhforoinn 1.1, faoin 15 Meitheamh de gach bliain féilire, an fhaisnéis seo a leanas a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil:
- a. an fhaisnéis a shonraítear i dtáblaí REM1, REM2, REM3, REM4 agus REM5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/637 ón gCoimisiún;³
 - b. faisnéis faoi luach saothair na foirne go léir mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn I;
 - c. faisnéis bhreise faoi luach saothair na foirne sainaitheanta mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn II;
 - d. faisnéis faoi na maoluithe atá leagtha amach in Airteagal 94 de Threoir 2013/36/AE, mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn III iad.
21. Chun a chumasú d'údaráis inniúla sonraí na bearna pá idir na hinscní a bhailiú agus a chur faoi bhráid an ÚBE i gcomhréir leis na Treoirlínte seo, ba cheart d'institiúidí dá dtagraítear i bhforoinn 1.2, faoin 15 Meitheamh gach trí bliana, ag tosú ó 2024 i leith na bliana airgeadais 2023, an fhaisnéis atá leagtha amach in Iarscríbhinn IV a chur faoi bhráid údaráis inniúla ar bhonn aonair.
22. Chun a chumasú d'údaráis inniúla sonraí faoi chóimheasa níos airde a bhailiú agus a chur faoi bhráid an ÚBE i gcomhréir leis na Treoirlínte seo, ba cheart d'institiúidí dá dtagraítear i bhforoinn

³ Áireofar an fhaisnéis a theastaíonn sa mhúnla pointe sonraí a úsáidtear laistigh d'uirlis ÚBE do bhailiú sonraí.

1.3, faoin 15 Meitheamh gach dhá bhliain, ag tosú ó 2023 i leith na bliana airgeadais 2022, an fhaisnéis atá leagtha amach in larscríbhinn V a chur faoi bhráid údaráis inniúla ar bhonn aonair.

23. Chun a chumasú d'údaráis inniúla sonraí maidir le cóimheasa formheasta níos airde a bhailiú, a chomhiomlánú agus a chur faoi bhráid an ÚBE i gcomhréir leis na Treoirí seo faoin 31 Lúnasa, ba cheart don Bhanc Ceannais Eorpach, gach dhá bhliain, ag tosú ó 2023 don bhliain airgeadais 2022, an fhaisnéis a fuair sé i gcomhréir leis an mír roimhe seo ó institiúidí faoina shainchúram maoirseachta a sholáthar go tráthúil d'údaráis inniúla náisiúnta.

3. Sonraí tagarmharcála a chur faoi bhráid an ÚBE

3.1. Liosta de na hinstitiúidí atá san áireamh sna bearta tagarmharcála

24. Ba cheart d'údaráis inniúla an ÚBE a chur ar an eolas, faoin 31 Márta den bhliain féilire tar éis na bliana a bhfuil sonraí le bailiú ina leith – faoi liosta na n-institiúidí ar cheart iad a áireamh sa:

- a. bheart tagarmharcála luacha saothair agus
- b. mbeart tagarmharcála na bearna pá idir na hinscní.

25. Ba cheart athruithe ar shampla na n-institiúidí a sheachaint oiread agus is féidir chun a áirithiú go bhfanann an sampla seasmhach. Chun críocha mhír 24, ba cheart d'údaráis inniúla ÚBE a chur ar an eolas faoi aon athruithe i gcomparáid leis an mbailiú sonraí roimhe seo, lena n-áirítear maidir le hathruithe ar ainmneacha institiúidí nó ar aitheantóir eintitis dhlíthiúil. Ba cheart d'údaráis inniúla institiúidí a roghnaítear chun páirt a ghlacadh sna bailiúcháin sonraí a chur ar an eolas go tráthúil.

26. Ba cheart d'údaráis inniúla, tar éis teachtaireacht a fháil ón ÚBE, institiúidí le haghaidh tagarmharcáil luacha saothair a bhaint den liosta nuair is fochuideachtaí iad de mháthairghnóthais an Aontais atá bunaithe i mBallstát eile agus a gcuirfidh údarás inniúil eile na sonraí ábhartha ina leith faoi bhráid an ÚBE ag leibhéal níos airde comhdhlúthaithe.

27. I gcás ina bhfuil níos mó ná údarás inniúil amháin ann, e.g. ceann amháin atá freagrach as maoirseacht stuamachta ar institiúidí agus ceann eile do ghnólachtaí infheistíochta faoi réir Airteagal 1(2) nó (5) de Rialachán (AE 2019/2033), i mBallstát nó áit a bhfuil an fhreagracht as maoirseacht ar an mBanc Ceannais Eorpach, ba cheart do na húdaráis inniúla an bailiú sonraí a chomhordú ina measc féin agus na sonraí agus an fhaisnéis is gá a sholáthar dá chéile chun a áirithiú nach ndéanfar ach tacar amháin sonraí a bhailiú agus a thuairisciú d'ÚBE i leith an Bhallstáit sin.

3.2. Sonraí a chur faoi bhráid an ÚBE

28. Ba cheart do na húdaráis inniúla an fhaisnéis a chur isteach, tar éis iomláine, cruinneas agus creidiúnacht na faisnéise a áirithiú i gcomhréir leis na Treoirí seo agus le haon sonraíochtaí teicniúla eile arna soláthar ag an ÚBE, mar a leanas:

- a. sonraí luacha saothair, faoin 31 Iúil gach bliain;
- b. sonraí na bearna pá idir na hinscní, faoin 31 Iúil gach trí bliana, ag tosú ó 2024 maidir leis an mbliain airgeadais 2023;
- c. faisnéis chomhiomlán ar chóimheasa formheasta níos airde mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn VI faoin 31 Lúnasa gach dhá bhliain, ag tosú ó 2023 maidir leis an mbliain airgeadais 2022.

4. Sonraíochtaí ginearálta maidir le cur isteach sonraí tagarmharcála

29. Agus sonraí tagarmharcála á gcur isteach i gcomhréir le roinn 2 agus le roinn 3 agus le hlarscríbhinní na dTreoirí seo, ba cheart d'institiúidí agus d'údaráis inniúla na sonraíochtaí ginearálta a leagtar amach sa roinn seo, na sonraíochtaí breise a leagtar amach i ranna 5 agus 6 agus na treoracha a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a chur i bhfeidhm.
30. Ba cheart sonraí tagarmharcála a chur isteach bunaithe ar fhiúirí cuntasáochta dheireadh na bliana in EUR. I gcás ina nochtar luach saothair in airgeadra seachas an EUR, ba cheart an ráta malairte arna úsáid ag an gCoimisiún Eorpach le haghaidh clárú airgeadais agus an buiséad do mhí na Nollag na bliana tuairiscithe a úsáid chun na fiúirí comhdhlúite a bheidh le tuairisciú a chomhshó.⁴
31. Ba cheart na méideanna go léir a thuairisciú mar mhéideanna iomlána, i.e. méideanna nach bhfuil slánaithe, in EUR (e.g. ba cheart EUR 1 234 567 a thuairisciú, in ionad EUR 1.2 milliún).
32. Ba cheart sonraí tagarmharcála don bhliain féilire inar tháinig deireadh leis an mbliain airgeadais a chur isteach sa bhliain féilire ina dhiaidh sin. Mar shampla, maidir leis an mbeart tagarmharcála don bhliain airgeadais dar críoch aon dáta sa bhliain '20bb', cuirfear sonraí isteach sa bhliain '20bb+1'.
33. Ba cheart na méideanna a cuireadh isteach a leithdháileadh ar na comhpháirteanna seasta agus athraitheacha den luach saothair a dhéanamh i gcomhréir le Roinn 7 de Threoirí an ÚBE maidir le beartais fhónta luach saothair faoi Threoir 2013/36/AE.

5. Sonraíochtaí breise le haghaidh sonraí luacha saothair

34. Maidir le táblaí REM1, REM2, REM3, REM4 agus REM5 a chur isteach, ba cheart d'institiúidí na treoracha a leagtar amach in IARSCRÍBHINN XXXIV de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/637 ón gCoimisiún a chur san áireamh sa bhreis ar an roinn seo, mar aon leis na rialacha bailíochtaí a shonraítear in Iarscríbhinn VII.
35. Ba cheart líon na mball foirne a chur isteach mar a chinntear ag deireadh na bliana airgeadais (i.e. níor cheart baill foirne a d'fhág le linn na bliana airgeadais a chomhaireamh, agus ba cheart baill

⁴ Soláthraíonn an ÚBE nasc chuig an bhfaisnéis ar a shuíomh Gréasáin mar aon leis na Treoirí seo; is féidir teacht ar an ráta malairte freisin ag http://ec.europa.eu/budget/contracts_grants/info_contracts/inforeuro/inforeuro_en.cfm

foirne a earcaíodh laistigh den bhliain airgeadais a chomhaireamh, ag cur a gcuid socrúithe ama oibre conartha san áireamh).

- a. I gcás ina bhfuil líon na gcomhaltaí foirne le cur isteach i dtéarmaí líon na ndaoine, ba cheart líon na ndaoine nádúrtha a iontráil, beag beann ar líon na n-uaireanta oibre ar a bhfuil a gconradh bunaithe nó ar athruithe ar líon na mball foirne i rith na bliana agus méideanna iomlána an luacha saothair a dámhadh don bhliain a chur san áireamh.
- b. I gcás ina bhfuil na huimhreacha le cur isteach i dtéarmaí coibhéise lánaimseartha, ba cheart na huimhreacha a bheith bunaithe ar an gcéatadán ama dá fhostaítear ball foirne aonair i gcomparáid le conradh lánaimseartha (e.g. thuairisceofaí 0.5 do bhall foirne atá ag obair 50% den am de chonradh lánaimseartha).

36. Agus táblaí REM1, REM2, REM3, REM4 agus REM5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/637 ón gCoimisiún, agus larscríbhinn II agus III de na Treoirí seo á gcur isteach, ba cheart a thuiscint gurb iad baill foirne shainaitheanta na comhaltaí foirne sin a bhfuil tionchar ábhartha acu ar phróifíl riosca na n-institiúidí mar a shainaithnítear iad i ngach institiúid agus fochuideachta eile ar bhonn comhdhlúite agus a bhfuil feidhm ag na forálacha maidir le luach saothair faoi Airteagal 92 agus Airteagal 94 de Threoir 2013/36/AE maidir leo, trína dtuairiscítear comhaltaí bhainistíochta na bhfochuideachtaí faoi na réimsí gnó seachas faoin bhfeidhm 'comhlacht bainistíochta'. Is éard atá i 'foireann shainaitheanta' ná comhiomlán de:

- a. foireann shainaitheanta in institiúidí a thagann faoi raon feidhme stuamachta an chomhdhlúthaithe is cuma cé acu ar leibhéal an duine aonair nó ar an leibhéal comhdhlúite a shainaithnítear iad;
- b. i gcomhréir le hAirteagal 109(5) de Threoir 2013/36/AE, comhaltaí foirne a bhfuil sainordú acu gníomhaíochtaí a dhéanamh a mbíonn tionchar ábhartha díreach acu ar an bpróifíl riosca nó ar ghnó na n-institiúidí laistigh d'fhochuideachtaí ar cuideachta bhainistíochta sócmhainní nó cuideachta bainistíochta sócmhainní iad nó gnóthas a sholáthraíonn na seirbhísí infheistíochta agus na gníomhaíochtaí a liostaítear i bpointí (2), (3), (4), (6) agus (7) de Roinn A d'larscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE;
- c. foireann shainaitheanta i bhfochuideachtaí a gcuireann na Ballstáit Airteagail 92, 94 agus 95 i bhfeidhm maidir leo ar bhonn comhdhlúite i gcomhréir le hAirteagal 109(6) de Threoir 2013/36/AE, i gcás ina mbíonn tionchar ábhartha ag na baill foirne ar phróifíl riosca na n-institiúidí ag leibhéal comhdhlúite; agus
- d. foireann shainaitheanta i bhfochuideachtaí a mbaineann Airteagail 92, 94 agus 95 de Threoir 2013/36/AE leo ar bhonn comhdhlúite amháin, i.e. eintitis nach institiúidí ná fochuideachtaí iad atá faoi réir creat sonracha luacha saothair i gcomhréir le hAirteagal 109(4) de Threoir 2013/36/AE maidir leis na baill foirne sin a bhfuil tionchar ábhartha ag a gníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl riosca na n-institiúidí ar leibhéal comhdhlúite.

37. Ba cheart go gcuimseofaí san fhaisnéis ar luach saothair arna dhámhachtain don bhliain airgeadais an t-oll-luach saothair seasta agus athraitheach a dámhadh don bhliain airgeadais iomlán roimh an mbliain inar cuireadh na sonraí luacha saothair isteach.

38. Agus tábla REM1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/637 ón gCoimisiún á chur isteach i gcomhréir leis na Treoirí seo, ba cheart míreanna neamhairgeadaíochta inchánach luacha saothair a áireamh lena gcoibhéis airgeadaíochta agus ba cheart iad a áireamh mar 'fhoirmeacha eile' sa tábla sin.
39. Agus táblaí REM1 agus REM3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/637 ón gCoimisiún á chur isteach i gcomhréir leis na Treoirí seo, níor cheart ach méideanna an luacha saothair athraithe a dámhadh don bhliain airgeadais a cuireadh ar athló a áireamh faoin ítim 'dar: iarchurtha' i dtábla REM1, agus ba cheart luach saothair athraitheach iarchurtha le haghaidh tréimhsí roimhe sin a áireamh go leithleach i gcomhréir leis na treoracha do thábla REM3.
40. Ba cheart scaoilíocaíochtaí le baill foirne sainaitheanta a áireamh i méid an luacha saothair athraitheach i dtábla REM1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/637 ón gCoimisiún, sa bhreis ar na rónna sonracha i dtábla REM2 agus, i gcás ina gcuirtear iarchur i bhfeidhm, i dtábla REM3 den Rialachán sin.
41. I gcás inar fhág baill foirne sainaitheanta an institiúid roimh dheireadh na bliana airgeadais, ba cheart an luach saothair a dámhadh don bhliain airgeadais, lena n-áirítear scaoilíocaíochtaí agus gach cineál eile luacha saothair, a chur isteach, agus níor cheart an ball foirne a áireamh i leith líon na mball foirne sainaitheanta curtha isteach i gcás inar tháinig deireadh leis an gconradh roimh dheireadh na bliana airgeadais. Ba cheart baill foirne sainaitheanta a tháinig isteach san institiúid le linn na bliana airgeadais a áireamh i líon na mball foirne sainaitheanta, agus a gcuid socrúithe ama oibre conarthacha á gcur san áireamh (e.g. ba cheart baill foirne a oibríonn ar bhonn lánaimseartha a tháinig isteach i rith na bliana airgeadais a áireamh i gcónaí le '1' ag deireadh na bliana airgeadais) agus ba cheart gach luach saothair a dhámhtar ar na baill foirne sin a shainaithnítear don bhliain airgeadais a chur isteach.
42. Ba cheart luach saothair athraitheach ráthaithe a áireamh sa luach saothair inathraithe i dtábla REM1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/637 ón gCoimisiún, agus ina theannta sin ba cheart é a áireamh i dtábla REM2 agus, i gcás ina gcuirtear iarchur i bhfeidhm, i dtábla REM3 den Rialachán sin.
43. Agus larscríbhinn I agus tábla REM 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/637 ón gCoimisiún á gcur isteach, ba cheart an fhoireann a aicmiú faoin réimse feidhme nó gnó ina ndéanann siad an phríomhchuid dá ngníomhaíochtaí gnó. Ba cheart méid iomlán an luacha saothair a dhámhtar ar an mball foirne sin laistigh den ghrúpa nó den institiúid a áireamh faoin bhfeidhm nó sa réimse gnó seo.
44. Chun foireann a leithdháileadh ar réimsí gnó, ba cheart d'institiúidí a n-eagrú inmheánach agus na nithe seo a leanas a bhreithniú:
 - a. Ba cheart go gcuimseofaí le 'feidhm mhairseachta an chomhlachta bainistíochta (MB)' comhaltaí an chomhlachta bainistíochta ar an leibhéal comhdhlúthaithe is airde a ghníomhaíonn i ról mairseachta agus faireachán a dhéanamh ar chinnteoireacht bhainistíochta (i.e. stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin), mar atá sonraithe sna treoracha don tábla REM1 litir cholún (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/637 ón gCoimisiún. Ba cheart d'institiúidí comhaltaí de chomhlachtaí bainistíochta na bhfochuideachtaí a

leithdháileadh ar an réimse gnó ábhartha faoi phointí (c) go (i) i gcás ina soláthraítear miondealú den sórt sin, agus seachas sin don chatagóir ‘foireann shainaitheanta eile’.

- b. Ba cheart go gcuimseofaí le ‘feidhm bhainistíochta an chomhlachta bainistíochta’ comhaltaí an chomhlachta bainistíochta ar an leibhéal comhdhlúthaithe is airde atá freagrach as a fheidhmeanna bainistíochta (i.e. stiúrthóirí feidhmiúcháin) mar a shonraítear sna treoracha le tábla REM1 litir cholún (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme an Choimisiúin (AE) 2021/637. Ba cheart d’institiúidí comhaltaí de chomhlachtaí bainistíochta fochuideachtaí a leithdháileadh ar an réimse gnó ábhartha faoi phointí (c) go (i) i gcás ina soláthraítear miondealú den sórt sin, agus seachas sin don chatagóir ‘arbhainistíocht eile’.
- c. Ba cheart go n-áireofaí le ‘baincéireacht infheistíochta’ airgeadas corparáideach, trádáil agus díolacháin mar atá sainmhínithe in Airteagal 317, Tábla 2 de Rialachán (AE) 575/2013, idirbhearta caipitil atá faoi thionchar an mhargaidh mar atá sainmhínithe in Airteagal 193(3) de Rialachán (AE) 575/2013, agus cothromas príobháideach.
- d. Ba cheart go n-áireofaí le ‘baincéireacht mhiondíola’ gníomhaíocht iasachta iomlán na hinstiúide (do dhaoine aonair agus d’fhiontair).
- e. Ba cheart go gcuimseodh ‘bainistíocht sócmhainní’ bainistíocht sócmhainní laistigh de na nithe seo a leanas:
 - i. an institiúid atá ar áireamh sa sampla;
 - ii. fochuideachtaí ar institiúidí iad, lena n-áirítear gnólachtaí infheistíochta ag féachaint d’Airteagal 1(2) nó (5) de Rialachán (AE) 2019/2033; agus
 - iii. fochuideachtaí ar gnólachtaí infheistíochta iad, gnóthais le haghaidh comhinfeistíochta in urrúis inaistrithe (GCU), bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha (BCIM) nó gnólachtaí infheistíochta atá faoi réir chur i bhfeidhm Airteagal 92 agus Airteagal 94 de Threoir 2013/36/AE ar bhonn comhdhlúite tar éis Airteagal 109(5) nó (6) den Treoir seo a bheith curtha i bhfeidhm.
- f. Ba cheart go n-áireofaí le ‘feidhmeanna corparáideacha’ baill foirne i ngach feidhm a bhfuil freagrachtaí orthu as an institiúid iomlán ar an leibhéal comhdhlúite agus as fochuideachtaí a bhfuil feidhmeanna den sórt sin acu ar an leibhéal aonair, e.g. acmhainní daonna agus teicneolaíocht faisnéise.
- g. Níor cheart go n-áireofaí le ‘feidhmeanna rialaithe neamhspleácha’ ach baill foirne atá gníomhach sna feidhmeanna neamhspleácha um bainistíocht riosca, comhlíontacht agus iniúchóireacht inmheánach mar a thuairiscítear i Roinn 19 de threoirlínte an ÚBE maidir le rialachas inmheánach faoi Threoir 2013/36/AE.
- h. I gcás larscríbhinn I, ba cheart go dtuigfí le ‘foireann i bhfochuideachtaí atá faoi réir creata sonracha luach saothair’ an fhoireann go léir atá fostaithe ag fochuideachta ar gnólacht infheistíochta í, GCUÍ nó BCIM atá faoi réir creat sonracha luach saothair agus nach bhfuil

faoi réir na gceanglas luacha saothair uach saothair ar bhonn comhdhlúite mar atá leagtha amach in Airteagal 109 de Threoir 2013/36/AE.

- i. Ba cheart go n-áireofaí ar ‘gach ball foirne eile’ baill foirne agus comhaltaí de chomhlacht bainistíochta na bhfochuideachtaí, seachas gnólachtaí infheistíochta, GCUÍ agus BCIM, nach féidir a leithdháileadh ar na catagóirí faoi (a) go (h).

5.1. Sonraíochtaí breise le haghaidh sonraí luacha saothair faoi larscríbhinn II

45. Ba cheart sochair pinsin lánroghnacha a áireamh i dtábla REM1 agus, i gcás ina gcuirtear iarchur i bhfeidhm, tábla REM3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/637 ón gCoimisiún i ‘foirmeacha eile luacha saothair athraitheach’ agus, ina theannta sin, ba cheart iad a thuairisciú sa tábla in larscríbhinn II.
46. Ba cheart luach saothair inathraithe arna dhámhachtain bunaithe ar thréimhsí fabhraithe ilbhliantúla nach n-imrothlaíonn ar bhonn bliantúil, i.e. i gcás nach gcuireann institiúidí tús le tréimhse fhabhraithe ilbhliantúil nua gach bliain, a leithdháileadh go hiomlán ar luach saothair athraitheach iomlán na bliana airgeadais inar dámhadh é laistigh de thábla REM1 agus, i gcás ina gcuirtear iarchur i bhfeidhm, tábla REM3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/637 ón gCoimisiún, gan aird ar an bpointe ama a n-íoctar an luach saothair athraitheach go héifeachtach ná fad na tréimhse feidhmíochta. Ba cheart méid an luacha saothair athraitheach sin a áireamh freisin san fhaisnéis bhreise in larscríbhinn II.
47. I dteannta leis an tábla in larscríbhinn III maidir le tionchar na maoluithe faoi Airteagal 94(3)(a) agus (b) de Threoir 2013/36/AE, ba cheart d’institiúidí nach mbaineann an maolú dá dtagraítear in Airteagal 94(3)(a) de Threoir 2013/36/AE leo, luach saothair seasta agus athraitheach na foirne sainaitheanta lena mbaineann aon cheann den mhaolú dá dtagraítear in Airteagal 94(3)(b) den Treoir sin, a chur isteach sa tábla atá ar áireamh in larscríbhinn II.

5.2. Sonraíochtaí breise le haghaidh sonraí luacha saothair faoi larscríbhinn III

48. Ba cheart d’institiúidí a shonrú in larscríbhinn III an bhfuil siad incháilithe chun na maoluithe a chur i bhfeidhm faoi Airteagal 94(3) de Threoir 2013/36/AE maidir leis an gceanglas cuid de luach saothair athraitheach a íoc in ionstraimí agus faoi shocruithe iarchurtha agus an fhaisnéis a iarrtar a sholáthar maidir leis na baill foirne sainaitheanta a gcuirtear na maoluithe i bhfeidhm maidir leo. Agus sonraí á gcur isteach ar bhonn comhdhlúite, ba cheart gurb ionann líon na mball foirne sainaitheanta agus an luach saothair atá le tuairisciú agus suim na foirne sainaitheanta go léir agus luach saothair na n-eintiteas go léir a bhaineann leas as na maoluithe ag eintitis atá faoi réir comhdhlúthú stuamachta agus na gceanglas luacha saothair faoin Treoir sin.
49. Ba cheart maoluithe faoi Airteagal 94(3) de Threoir 2013/36/AE a mheas mar mhaoluithe a cuireadh i bhfeidhm nuair a chinneann an institiúid atá faoi réir an mhaolaithe gan na híoscheanglais a chur i bhfeidhm maidir leis an gcuid atá le cur siar nó le híoc in ionstraimí faoi Airteagal 94(1) den Treoir sin (e.g. tá maolú i bhfeidhm fós má chuirtear siar 30% de luach saothair

athraitheach de chuid stiúrthóir feidhmiúcháin, nó mura gcuirtear siar é ach ar feadh 3 bliana, toisc nach bhfuil na ceanglais íosta maidir le hiarchur 40% ar feadh 4 bliana ar a laghad comhlíonta).

6. Treoracha breise do shonraí na bearna pá idir na hinscní in Iarscríbhinn IV

50. Ba cheart d'institiúidí atá rannpháirteach i mbeart tagarmharcála na bearna pá idir na hinscní an bhearna phá idir na hinscní a ríomh ar bhonn aonair, ag cur san áireamh na baill foirne, lena n-áirítear baill foirne atá ag obair i mbrainsí sa Bhallstát céanna, atá gníomhach go príomha sa Bhallstát ina bhfuil an institiúid suite. Níor cheart baill foirne atá lonnaithe go príomha ag brainsí i mBallstát eile nó i dtríú tír a chur san áireamh.
51. Ba cheart d'institiúidí liosta den fhoireann ar fad a bhunú agus a chinneadh cé acu baill foirne ar cheart a áireamh i ríomh na bearna pá idir na hinscní, i gcomhréir leis na critéir seo a leanas:
- ba cheart an bhearna phá idir na hinscní a ríomh le haghaidh na mball foirne atá ina mball foirne ag deireadh na bliana airgeadais, i.e. ní chuirtear san áireamh sa bheart seo baill foirne a d'fhág an institiúid le linn na bliana airgeadais;
 - ba cheart baill foirne a fhaigheann níos lú ná a ngnáthluach saothair iomlán bliantúil toisc go raibh siad ag deireadh na bliana airgeadais ar aon chineál saoire do thuismitheoirí, saoire bhreiteachta fadtéarmach nó saoire speisialta fadtéarmach a eisiamh ón mbeart; ba cheart saoire fadtéarmach a thuiscint mar shaoire ar feadh tréimhse comhleanúnach de thrí mhí ar a laghad;
 - níor cheart baill foirne a earcaíodh le linn na dtrí mhí deiridh den bhliain airgeadais a chur san áireamh sa bheart seo;
 - ba cheart caitheamh le baill den chomhlacht bainistíochta san fheidhm bhainistíochta mar bhaill foirne agus mar bhaill foirne shainaitheanta;
 - níor cheart comhaltaí an chomhlachta bainistíochta atá san fheidhm mhaoirseachta a áireamh sa ríomh mura ionadaithe fostaithe iad;
 - ba cheart comhaltaí an chomhlachta bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta atá ina n-ionadaithe fostaithe a chur san áireamh sa ríomh mar fhoireann agus níor cheart iad a chur san áireamh sa ríomh do bhaill foirne aitheanta ach amháin más baill foirne sainaitheanta iad bunaithe ar an bhfeidhm atá acu mar bhall foirne.
52. Ba cheart an bhearna phá idir na hinscní a ríomh mar an difríocht idir meánluach saothair na bhfear agus na mban arna chur in iúl mar chéatadán de mheánluach saothair na bhfear. Ba cheart d'institiúidí oll-luach saothair bliantúil na foirne ar bhonn coibhéseach lánaimseartha a úsáid don ríomh. I gcomhréir le Treoirlínte an ÚBE maidir le beartais fhóna luach saothair faoi Threoir 2013/36/AE, ba cheart d'institiúidí an luach saothair iomlán a dámhadh a mheas agus freisin, ar bhonn na hiarrachta is fearr, na socrúithe ama oibre, tréimhsí saoire bliantúla agus sochair eile airgeadais agus neamhairgeadais agus an bhearna phá idir na hinscní á ríomh, agus forálacha na míre seo a leanas á gcur san áireamh.

53. I gcás gach ball foirne ar cheart a áireamh i ríomh na bearna pá idir na hinscní i gcomhréir le mír 51, ba cheart d'institiúidí a n-olluach saothair iomlán bliantúil a bhunú mar shuim an luacha saothair sheasta agus athraitheach, ag cur na nithe seo a leanas san áireamh:
- a. Ba cheart sochair neamhairgeadaíochta (e.g. carr cuideachta, iasachtaí saor ó ús, kindergarten cuideachta saor in aisce, etc.) a chur san áireamh ag a gcoibhéis airgeadaíochta ar a ngearrtar cáin.
 - b. Níor cheart íocaíochtaí rialta isteach sa chóras pinsin agus árachas sláinte do gach ball foirne a chur san áireamh. Ba cheart sochair phinsin lánroghnacha a chur san áireamh.
 - c. Ba cheart an luach saothair inathraithe iomlán a dámhadh do na tréimhsí feidhmíochta uile a chríochnaigh le linn na bliana airgeadais ar a bhfuil an ríomh bunaithe a úsáid, fiú má bhaineann siad le tréimhsí feidhmíochta níos faide ná bliain amháin. Ba cheart go n-áireofaí leis sin luach saothair athraitheach bunaithe ar thréimhsí feidhmíochta ilbhliantúla neamh-imrothlacha mar a shonraítear i mír 46.
 - d. Níor cheart luach saothair athraitheach ráthaithe (bónas sínithe) agus scaoilíocaíochtaí (e.g. i gcás nach bhfuil deireadh fós le Conradh foirne ag deireadh na bliana airgeadais) a chur san áireamh sa ríomh.
 - e. Maidir le baill foirne a bhí ag obair go páirtaimseartha, lena n-áirítear le haghaidh codanna den bhliain airgeadais, nó nár fostaíodh don bhliain airgeadais iomlán nó a bhí ar chineálacha eile saoire eile le linn codanna den bhliain (e.g. saoire neamhíochta nó saoire thuismitheoireachta), ba cheart méid iomlán bliantúil an luacha saothair athraitheach agus seasta a bhunú ar bhonn na hiarrachta is fearr a bheadh faighte ag an bhfoireann dá n-íocfaí iad ar bhonn lánaimseartha don bhliain airgeadais ar fad. D'fhéadfadh institiúidí na méideanna a ríomh tríd an luach saothair a eachtarshuíomh, e.g. a dhámhtar le haghaidh fostaíocht pháirtaimseartha go dtí an t-olluach saothair iomlán ar bhonn lánaimseartha bliantúil (e.g. mhéadófaí luach saothair na foirne a oibríonn ar chonradh páirtaimseartha 50% faoi dhó chun an luach saothair iomlán bliantúil a fháil).
54. Ba cheart d'institiúidí an bhearna phá idir na hinscní a ríomh do gach ball foirne (lena n-áirítear baill foirne aitheanta, arna sainaitheant ar bhonn aonair) agus go leithleach dá bhfoirne sainaitheanta. Ba cheart d'institiúidí, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an GDPR, gach iarracht réasúnach a dhéanamh chun inscne a bhfoirne a chinneadh. Féadfaidh institiúidí baill foirne nach féidir a n-inscne a fháil amach a fhágáil ar lár.
55. Ba cheart d'institiúidí a bhfuil 250 ball foirne nó níos mó acu an bhearna phá idir na hinscní a ríomh do gach ceathairíl dá luach saothair iomlán agus san iomlán. Níor cheart d'institiúidí a bhfuil níos lú ná 250 ball foirne acu sonraí na bearna pá idir na hinscní a chur isteach ach amháin má tá sé bunaithe ar na figiúirí iomlána don fhoireann ar fad. Ba cheart d'institiúidí a bhfuil 250 ball foirne sainaitheanta nó níos mó acu an bhearna phá idir na hinscní a ríomh do gach ceathairíl dá luach saothair iomlán agus san iomlán. Níor cheart d'institiúidí a bhfuil níos lú ná 250 ball foirne sainaitheanta acu sonraí na bearna pá idir na hinscní a chur isteach ach amháin má tá sé bunaithe ar fhigiúirí iomlána na foirne sainaitheanta.

56. Ba cheart d'institiúidí an bhearna phá a ríomh i dtéarmaí ionadaíocht gach inscne mar chéatadán den fhoireann fhireann agus bhaineann bunaithe ar líon na mball foirne ar fad agus na foirne sainaitheanta go léir, faoi seach. I gcás inarb infheidhme faoi mhír 55, in aghaidh an cheathairíl – trína ndéanfadh céatadán na hionadaíochta fireann agus baineann le chéile, i gcás inarb infheidhme, 100.00% maidir le gach ceathairíl ríofa agus do na figiúirí iomlána don fhoireann ar fad agus don fhoireann shainaitheanta.
57. Ba cheart an bhearna phá idir na hinscní atá bunaithe ar ollluach saothair a chur in iúl mar an difríocht idir leibhéal luach saothair na mball foirne fireann agus baineann, mar:
- an difríocht idir meánluach saothair na bhfear agus meánluach saothair na mban, arna shloinneadh mar chéatadán de mheánluach saothair na bhfear; agus
 - difríocht idir luach saothair airmheánach na bhfear agus luach saothair airmheánach na mban, arna shloinneadh mar chéatadán de luach saothair airmheánach na bhfear.⁵
58. Ba cheart d'institiúidí na treoracha seo a leanas a chomhlíonadh agus an ríomh á ullmhú acu:
- Ba cheart luach saothair na mball foirne (beag beann ar a n-inscne) a rangú de réir méide, ag tosú leis an méid is ísle. Ba cheart gach méid luach saothair do bhall foirne a leithdháileadh ar an inscne fhireann nó bhaineann agus ba chóir a thaifeadadh cibé an mbaineann an ball foirne leis an bhfoireann sainaitheanta nó nach mbaineann.
 - Ba cheart baill foirne d'inscne atá difriúil ón inscne fhireann nó bhaineann a leithdháileadh ar an inscne a n-aithníonn siad léi nó, mura bhfuil sé seo ar eolas nó má tá sé difriúil ón inscne fhireann nó bhaineann, ba cheart na baill foirne sin a leithdháileadh ar an inscne fhireann nó bhaineann a bhfuil an líon is ísle ball foirne ann san iomlán.
 - Ba cheart an liosta foirne bunaithe, i gcás inarb infheidhme faoi mhír 55, a dheighilt ina cheathairíleanna.
 - Ba cheart airmheán agus meán luacha saothair gach ball foirne fireann agus baineann, agus go leithleach d'fhoireann aitheanta fireann agus baineann, a ríomh ina iomláine agus, i gcás inarb infheidhme faoi mhír 55, do gach ceathairíl.
59. Ba cheart na figiúirí go léir a chur isteach mar chéatadán le dhá ionad dheachúlacha (e.g. '17.23%' nó '- 17.23%' i gcás luach diúltach). I gcás nach féidir an bhearna phá idir na hinscní do chatagóir amháin a ríomh, toisc nach bhfuil ann ach baill foirne baineanna, ba cheart an luach 'N/bh' a shannadh don phointe sonraí in Iarscríbhinn IV, i gcás nach bhfuil ann ach baill foirne fireanna ba cheart go dtaispeánfadh an toradh '100.00 %'.

7. Cáilíocht sonraí

60. Ba cheart d'institiúidí agus d'údaráis inniúla iomláine agus creidiúnacht na sonraí tagarmharcála a sheiceáil sula gcuireann siad na sonraí sin faoi bhráid an údaráis inniúil nó an ÚBE. Ba cheart go n-áireofaí le seiceálacha ar cháilíocht sonraí na rialacha bailíochtaíthe a leagtar amach in Iarscríbhinn

⁵ Bearna phá idir na hinscní i gcéatadán = (meánluach saothair na bhfear – meánluach saothair na mban) *100 / meánluach saothair na bhfear

VII agus na cinn a shonraítear, i gcás inarb infheidhme, sna treoracha teicniúla don uirlis bailithe sonraí.

61. I gcás ina bhfuil athruithe móra ar sonraí tagarmharcála le himeacht ama, ba cheart go mbeadh an institiúid agus na húdaráis inniúla in ann mínithe a sholáthar.
62. Agus inchreidteacht sonraí tagarmharcála á seiceáil acu, ba cheart d'údaráis inniúla méid agus líon fostaithe na hinstitiúide agus na gnáthleibhéil luacha saothair a chur san áireamh. Ba cheart obair leantach a dhéanamh ar sonraí dochreidte arna n-aithint agus iad a cheartú sula gcuirtear na sonraí isteach.
63. I gcás inar dealraitheach go bhfuil sonraí tagarmharcála dochreidte, ach go bhfuil siad ceart i ndáiríre, ba cheart d'údaráis inniúla an ÚBE a chur ar an eolas faoi na bunchúiseanna.
64. Maidir le sonraí tagarmharcála a cuireadh isteach a thaispeánann saincheistanna féideartha faoi cháilíocht na sonraí nó a mheastar a bheith dochreidte, féadfaidh an ÚBE iarraidh ar na húdaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh ar na sonraí nó an fhaisnéis is gá a sholáthar chun na sonraí a léirmhíniú i gceart.
65. Ba cheart do na húdaráis inniúla sonraí ceartaithe nó mínithe ar aon sonraí dochreidte a sholáthar, de réir mar is gá, a luaithe is féidir. Ba cheart d'údaráis inniúla comhoibriú go dlúth leis an ÚBE chun a áirithiú go bhfuil an tacar sonraí don anailís cobhsaí agus ar cháilíocht mhaith faoin 30 Meán Fómhair – ar a dhéanaí – den bhliain inar tuairiscíodh sonraí.
66. Agus sonraí tagarmharcála á gcur faoi bhráid an ÚBE, ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad freisin EBA/DC/335 an 5 Meitheamh 2020 maidir le EUCLID ('Cinneadh EUCLID')⁶, arna leasú, agus go soláthródh siad d'institiúidí aon sonraíochtaí teicniúla is gá le haghaidh comhlíonadh leanúnacha ar Chinneadh EUCLID.

⁶https://www.eba.europa.eu/sites/default/documents/files/document_library/Risk%20Analysis%20and%20Data/Reporting%20by%20Authorities/885459/Decision%20on%20the%20European%20Centralised%20Infrastructure%20of%20Data%20%28EUCLID%29.pdf

Iarscríbhinn I: Faisnéis ghinearálta agus faisnéis ar luach saothair na foirne uile

Ainm na hinstiúide/an ghrúpa						Ainm			
An mbaineann an instiúid leas as an maolú faoi Airteagal 94(3)(a) deThreoir 2013/36/AE ar leibhéal instiúideach?						Tá/níl			
An bhliain airgeadais ar dámhadh an luach saothair ina leith (bliain N)						Bliain			
	Feidhm mhaoirseachta an chomhlachta bainistíochta	Feidhm bhainistíochta an chomhlachta bainistíochta	Baincéireacht infheistíochta	Baincéireacht mhiondíola	Bainistíocht sócmhainní	Feidhmeanna na corparáide	Feidhmeanna rialaithe neamhspleácha	Gach ball foirne i bhfochuideachtaí atá faoi réir creat sonracha luach saothair ¹	Gach ball foirne eile
Líon na mball									
Líon iomlán na foirne, FTE ²									
Glanbhrabús iomlán i mbliain N (in EUR) ³	Méid iomlán in EUR (e.g. 123 456 789.00)								
Díbhinní iomlána (nó dáiltí comhchosúla) a íocadh do bhliain N (in EUR)	Méid iomlán in EUR								
Luach saothair iomlán (EUR)									
Dar: luach saothair athraitheach (in EUR)									
Dar: luach saothair seasta (EUR)									

¹ Foireann laistigh de ghnólachtaí infheistíochta, gnóthais le haghaidh comhinfeistíochta in urrúis inaistrithe nó cuideachtaí bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha atá faoi réir creat sonracha luach saothair faoi achtanna an Aontais

² Ba cheart líon na mball foirne a shloinneadh mar choibhéisí lánaimseartha (FTEanna) agus ba cheart iad a bheith bunaithe ar líon na mball foirne ag deireadh na bliana de réir a socruithe aonair ama oibre.

³ Ba cheart glanbhrabús a bheith bunaithe ar an gcóras cuntasáíochta a úsáidtear le haghaidh tuairisciú rialála. Do ghrúpaí, is é an brabús (nó an cailteanas) atá bunaithe ar na cuntais chomhdhlúite é.

Iarscríbhinn II Eolas breise ar luach saothair na foirne sainaitheanta

Ainm na hinstitiúide/an ghrúpa:	Ainm			
An bhliain airgeadais ar dámhadh an luach saothair ina leith (bliain N):	Bliain			
	Feidhm Mhaoireachta an chomhlachta bainistíochta	Feidhm Bhainistíochta an chomhlachta bainistíochta	Bainistíocht shinsearach eile	Foireann aitheanta eile
Líon tairbhithe na ranníocaíochtaí le sochair phinsin roghnacha i mbliain N				
Méid iomlán na ranníocaíochtaí le sochair phinsin roghnacha (in EUR) i mbliain N (san áireamh i bhfoirmeacha eile luach saothair athraithe)				
Méid iomlán an luacha saothair athraithe arna dhámhachtain do thréimhsí ilbhiantúla faoi chlár nach n-imrothlaítear go bliantúil (in EUR)				
I gcás institiúidí nach mbaineann leas as an maolú faoi Airteagal 94(3)(a) de Threoir 2013/36/AE ar leibhéal uile-institiúide Méid iomlán an luacha saothair athraitheach de chuid bhall foirne sainaitheanta a bhaineann tairbhe as ceann amháin ar a laghad de na maoluithe faoi Airteagal 94(3)(b) de Threoir 2013/36/AE, bunaithe ar leibhéal íseal luach saothair athraithe				
I gcás institiúidí nach mbaineann leas as an maolú faoi Airteagal 94(3)(a) de Threoir 2013/36/AE ar leibhéal uile-institiúide Méid iomlán an luacha saothair sheasta de chuid bhall foirne sainaitheanta a bhaineann tairbhe as ceann amháin ar a laghad de na maoluithe faoi Airteagal 94(3)(b) de Threoir 2013/36/AE, bunaithe ar leibhéal íseal luach saothair athraithe				

Iarscríbhinn III: Maoluithe ar chur i bhfeidhm na gceanglas maidir le codanna den luach saothair athraitheach iarchurtha agus in ionstraimí faoi Threoir 2013/36/AE (CRD) a íoc amach

Ainm na hinstiúide/an ghrúpa:	Ainm	
An bhliain airgeadais ar dámhadh an luach saothair ina leith (bliain N):	Bliain	
Eolas ar infhaighteacht tarscaoilí	Maoluithe ar bhonn uile-ghnólachta faoi Airteagal 94(3)(a) CRD	Maoluithe d'fhoireann shainaitheanta faoi Airteagal 94(3)(b) CRD
An gcuireann an institiúid na maoluithe i bhfeidhm maidir leis an gceanglas cuid den luach saothair athraitheach iarchurtha agus in ionstraimí faoi Airteagal 94(3)(a) CRD a íoc lena foireann sainaitheanta uile. Má freagraíodh 'tá' ar an gceist seo ní gá an t-eolas thíos a sholáthar.	Tá/níl	
An gcuireann an institiúid an maolú ón gceanglas faoi Airteagal 94(1)(l) CRD (íocaíocht amach in ionstraimí) i bhfeidhm?	Tá/níl	Tá/níl
I gcás ina gcuireann an institiúid an maolú thuas i bhfeidhm, ach go bhfuil tairseach níos ísle aici mar a chuirtear chun feidhme é faoin dlí náisiúnta, sonraigh le do thoil an tairseach a chuirtear i bhfeidhm in EUR		Tairseach
Líon na foirne sainaitheanta a bhaineann leas as an maolú thuas	Líon na ndaoine	Líon na ndaoine
An céatadán den fhoireann shainaitheanta a bhaineann leas as an maolú thuas	Céatadán	Céatadán
Luach saothair iomlán na foirne sainaitheanta a bhaineann leas as an maolú thuas	EUR	EUR
Dar: luach saothair athraitheach	EUR	EUR
Dar: luach saothair seasta	EUR	EUR
An gcuireann an institiúid an maolú ón gceanglas faoi Airteagal 94(1)(m) CRD (íocaíocht amach faoi shocruithe iarchurtha) i bhfeidhm?	Tá/níl	Tá/níl
I gcás ina gcuireann an institiúid an maolú thuas i bhfeidhm, ach go bhfuil tairseach níos ísle aici mar a chuirtear chun feidhme é faoin dlí náisiúnta, sonraigh le do thoil an tairseach a chuirtear i bhfeidhm in EUR		Tairseach
Líon na foirne sainaitheanta a bhaineann leas as an maolú thuas	Líon na ndaoine	Líon na ndaoine
An céatadán den fhoireann shainaitheanta a bhaineann leas as an maolú thuas	Céatadán	Céatadán
Luach saothair iomlán na foirne sainaitheanta a bhaineann leas as an maolú thuas	EUR	EUR
Dar: luach saothair athraitheach	EUR	EUR
Dar: luach saothair seasta	EUR	EUR
An gcuireann an institiúid an maolú ón gceanglas faoin dara mír d'Airteagal 94(1) de phointe (o) (maoluithe maidir le híoc sochar pinsin in ionstraimí lánroghnacha) i bhfeidhm?	Tá/níl	Tá/níl
Líon na foirne sainaitheanta a bhaineann leas as an maolú thuas	Líon na ndaoine	Líon na ndaoine
Luach saothair iomlán na foirne sainaitheanta a bhaineann leas as an maolú thuas	EUR	EUR
Dar: luach saothair athraitheach	EUR	EUR
Dar: luach saothair seasta	EUR	EUR

Iarscríbhinn IV: Faisnéis ar an mbearna phá idir na hinscní

Institiúid (leibhéal aonair)	Ainm
Aitheantóir eintitis dhlíthiúla	Líon
Ballstát	Cód ISO (e.g. AT, BE, CY)
Bliain	bbbb
Líon iomlán na foirne	Líon na ndaoine
Líon iomlán na foirne aitheanta	Líon na ndaoine

Ionadaíocht foirne d'inscní éagsúla in aghaidh an cheathairíl den leibhéal luach saothair

Ionadaíocht foirne fireann agus baineann i ngach ceathrú den leibhéal luacha saothair	Gach ball foirne fireann mar chéatadán den fhoireann uile	Gach ball foirne bhaineann mar chéatadán den fhoireann uile	Gach ball fireann den fhoireann shainaitheanta mar chéatadán bunaithe ar an fhoireann shainaitheanta uile	Gach ball baineann den fhoireann shainaitheanta mar chéatadán bunaithe ar an fhoireann shainaitheanta uile
Ceathairíl 1 (iseal)	Céatadán (e.g. 42.43%)	Céatadán	Céatadán	Céatadán
Ceathairíl 2 (iseal go meánach)	Céatadán	Céatadán	Céatadán	Céatadán
Ceathairíl 3 (meánach go hard)	Céatadán	Céatadán	Céatadán	Céatadán
Ceathairíl 4 (ard)	Céatadán	Céatadán	Céatadán	Céatadán
Foireann iomlán / foireann shainaitheanta	Céatadán	Céatadán	Céatadán	Céatadán

Bearna phá idir na hinscní bunaithe ar an ollluach saothair iomlán

Leibhéal an oll-luacha saothair bhliantúil	Bearna phá idir na hinscní na foirne ar fad, bunaithe ar airmheán	Bearna phá idir na hinscní na foirne ar fad, bunaithe ar mheán	Bearna phá idir na hinscní na foirne sainaitheanta, bunaithe ar airmheán	Bearna phá idir na hinscní na foirne sainaitheanta bunaithe ar mheán
Ceathairíl 1 (iseal)	Céatadán (e.g. 42.43%)	Céatadán	Céatadán	Céatadán
Ceathairíl 2 (iseal go meánach)	Céatadán	Céatadán	Céatadán	Céatadán
Ceathairíl 3 (meánach go hard)	Céatadán	Céatadán	Céatadán	Céatadán
Ceathairíl 4 (ard)	Céatadán	Céatadán	Céatadán	Céatadán
Foireann iomlán / foireann shainaitheanta	Céatadán	Céatadán	Céatadán	Céatadán

Iarscríbhinn V: Cóimheasa formheasta níos airde idir luach saothair athraitheach agus luach saothair seasta – institiúidí¹⁰

Ainm na hinstitiúide	Ainm
Aitheantóir eintitis dhlíthiúla	LEI:
Bliain	bbbb
Líon iomlán na foirne (deireadh na bliana airgeadais)	Líon na ndaoine
Líon iomlán na mball foirne sainaitheanta (toradh an phróisis aitheantais bhliantúil)	Líon na ndaoine
Iomlán an chláir chomhardaithe (deireadh na bliana airgeadais)	Méid in EUR
Cóimheas formheasta níos airde (i.e. cóimheas luach saothair athraitheach le luach saothair seasta atá os cionn 100%)	Céatadán
Dáta an fhaofa is déanaí ar an gcóimheas níos airde ag cruinniú na scairsealbhóirí	dd/mm/yyyy
Líon iomlán na mball foirne sainaitheanta a d'fhéadfadh leas a bhaint as cóimheas formheasta os cionn 100%	Líon na ndaoine
Líon iomlán na mball foirne sainaitheanta ar dámhadh luach saothair iarbhír dóibh as a dtagann cóimheas luach saothair athraitheach le luach saothair seasta os cionn 100% don bhliain airgeadais ¹¹	Líon na ndaoine

¹⁰ Ba cheart do na hinstitiúidí sonraí a thuairisciú ar bhonn aonair.

¹¹ Níor cheart luach saothair athraitheach ráthaithe agus scaoilíocaíochtaí, i gcás nach n-áirítear iad i ríomh an chóimheasa de bhun na dTreoirínte maidir le beartais fhóna luach saothair, a chur san áireamh.

Iarscríbhinn VI: Cóimheasa formheasta níos airde fidir luach saothair athraitheach agus luach saothair seasta – arna gcomhiomlánú ag údaráis inniúla

Ballstát	<i>Cód ISO</i>
Bliain na sonraí arna mbailiú	<i>bbbb</i>
Líon iomlán na n-institiúidí a bhfuil a suíomh dlíthiúil acu laistigh den Bhallstát (faisnéis bhreise le cur ar fáil thíos) – e.g. díorthaithe ó staitisticí baincéireachta	<i>Líon</i>
Líon iomlán comhiomlán foirne na n-institiúidí uile laistigh den Bhallstát	<i>Líon</i>
Líon iomlán comhiomlán na foirne sainaitheanta in institiúidí laistigh den Bhallstát (má tá sé ar fáil, mura bhfuil N/bh)	<i>Líon</i>
Iomlán chláir comhardaithe comhiomlán na n-institiúidí laistigh den Bhallstát	<i>Líon</i>
Líon na n-institiúidí inar fhorghéall sealbhóirí cóimheas níos airde a bhfuil a suíochán dlíthiúil acu laistigh de Bhallstát (faisnéis bhreise le cur ar fáil thíos)	<i>Líon</i>
Dar: Líon na n-institiúidí a bhfuil a suíochán dlíthiúil acu laistigh den Bhallstát a d'fhorghéall 200% mar an cóimheas uasta	<i>Líon</i>
Líon iomlán comhiomlán fhoireann na n-institiúidí seo	<i>Líon</i>
Líon iomlán comhiomlán fhoireann shainaitheanta na n-institiúidí seo	<i>Líon</i>
Iomlán chláir comhardaithe comhiomlán na n-institiúidí seo	<i>Líon</i>
Líon iomlán comhiomlán na mball foirne sainaitheanta a d'fhéadfadh leas a bhaint as cóimheas formheasta os cionn 100%	<i>Líon</i>
Líon iomlán na mball foirne sainaitheanta ar dámhadh luach saothair iarbhir dóibh as a dtagann cóimheas luach saothair athraitheach le luach saothair seasta os cionn 100% don bhliain airgeadais	<i>Líon</i>
Athruithe i gcomparáid leis na sonraí a cuireadh isteach roimhe seo	
Líon na n-institiúidí a thug isteach cóimheas níos airde tar éis na sonraí a chur faoi bhráid an ÚBE an uair dheiridh (níor cheart athfhorghéall a thuairisciú)	<i>Líon</i>
Líon na n-institiúidí a scoir de chleachtas na gcóimheas níos airde tar éis na sonraí a chur faoi bhráid an ÚBE an uair dheiridh	<i>Líon</i>

Iarscríbhinn VII – Seiceálacha ar cháilíocht sonraí

Ba cheart d’institiúidí agus d’údaráis inniúla na seiceálacha cáilíochta sonraí seo a leanas a chur i bhfeidhm maidir leis na táblaí ar luach saothair a áirítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/637 ón gCoimisiún.¹²

Tábla REM 1:

Ró	Seiceáil cáilíochta sonraí
1 agus 9	Ba cheart go mbeadh líon na mball foirne tuairiscithe faoi na colúin comhlachta bainistíochta i bhfoirm slánuimhreacha.
2	Ba cheart gurb ionann an luach saothair seasta iomlán agus suim rónna 3, AE 4a, 5, EU5x agus 7; i gcás ina dtuairiscítear baill foirne sainaitheanta ba cheart go mbeadh an méid > náid
9	Níor cheart go mbeadh an líon foirne tuairiscithe níos airde ná an líon foirne a tuairiscíodh i ró 1
10	Ba cheart go mbeadh an luach saothair athraitheach iomlán cothrom le suim rónna 11, EU-13a, EU-13b, EU-14x agus 15
10	Níor cheart go mbeadh an luach saothair athraitheach iomlán níos ísle ná suim na scaoilíocaíochtaí agus an luacha saothair athraitheach ráthaithe i rónna 2 agus 7 de thábla REM2.
-	Níor cheart go mbeadh suim an luacha saothair iarchurtha i rónna 12, AE-14a, AE-14b, AE-14y agus 16 níos airde ná an luach i ró 10.
-	Cóimheas an luacha saothair iarchurtha: ba cheart go mbeadh suim an luacha saothair iarchurtha i rónna 12, EU-14a, EU-14b, EU-14y agus 16 níos airde ná nó cothrom le 0.4 oiread an luacha i ró 10 tar éis luach saothair athraitheach ráthaithe a asbhaint (tábla REM2 ró 3) chomh maith le scaoilíocaíochtaí (tábla REM2 ró 10) agus méideanna an luacha saothair athraitheach arna ndámhachtain don fhoireann i gcás ina bhfuil feidhm ag an maolú faoi Airteagal 94(3)(b) (féach Iarscríbhinn II).
-	Ba cheart d’institiúidí a chur san áireamh gur chun críocha tagarmharcála amháin atá an riail bhailíochtaíthe simplithe seo agus nach bailíochtú í ar chomhlíonadh na gceanglas luacha saothair maidir le luach saothair athraitheach ráthaithe agus scaoilíocaíochtaí, i.e. cé go n-asbhaintear na méideanna iomlána, is féidir go

¹² Tá an caighdeán teicniúil cur chun feidhme ar fáil faoi: <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32021R0637&from=EN>

mbeidh cuid de na méideanna faoi réir an cheanglais codanna den luach saothair athraitheach a íoc faoi shocruithe iarchurtha.

Níl feidhm ag an riail bailíochtaithe seo maidir le hinstitiúidí ina mbaineann gach ball foirne sainaitheanta tairbhe as an maolú ón gceanglas codanna den luach saothair athraitheach a íoc faoi shocruithe iarchurtha faoi Airteagal 94(3)(a) de Threoir 2013/36/AE.

11 agus 12 Ní féidir leis an luach i ró 12 a bheith níos airde ná an luach i ró 11.

EU-13a agus
EU-14a Ní féidir leis an luach i ró AE-14a a bheith níos airde ná an luach i ró AE-13a

EU-13b agus
EU-14b Ní féidir leis an luach i ró AE-14b a bheith níos airde ná an luach i ró AE-13b

EU-14x agus
EU-14y Ní féidir leis an luach i ró AE-14y a bheith níos airde ná an luach i ró AE-14x

15 agus 16 Ní féidir leis an luach i ró 16 a bheith níos airde ná an luach i ró 15.

Ní fhéadfaidh an cóimheas idir luach saothair seasta (as a chéile 2) agus luach saothair athraitheach (as a chéile 10) a bheith níos airde ná, de réir mar is infheidhme, 100% nó 200%, tar éis rónna 3 agus 10 de tábla REM2 (teorainn bónaís) a eisiamh.

Íocaíocht in ionstraimí: ba cheart go mbeadh suim rónna AU 13-a, EU 13-b agus EU-14x cothrom le nó níos airde ná 50% den luach saothair inathraithe iomlán (REM2 ró 10) tar éis luach saothair athraitheach na foirne a asbhaint i gcás ina bhfuil feidhm ag an maolú faoi Airteagal 94(3)(b) (féach larscríbhinn II), luach saothair inathraithe ráthaithe (tábla REM2 ró 3) agus scaoilíocaíochtaí (tábla REM2 ró 10).

Ba cheart d'institiúidí a chur san áireamh gur chun críocha tagarmharcála amháin atá an riail bhailíochtaithe simplithe seo agus nach bailíochtú í ar chomhlíonadh na gceanglas maidir le híocaíochtaí ráthaithe luacha saothair athraithe agus scaoilíocaíochtaí, i.e. cé go n-asbhaintear na méideanna iomlána, is féidir go mbeidh cuid de na méideanna faoi réir an cheanglais codanna den luach saothair inathraithe a íoc in ionstraimí.

Níl feidhm ag an riail bailíochtaithe seo maidir le hinstitiúidí ina mbaineann gach ball foirne sainaitheanta tairbhe as an maolú ón gceanglas codanna den luach saothair inathraithe a íoc in ionstraimí faoi Airteagal 94(3)(a) de Threoir 2013/36/AE.

Tábla REM2

Ró	Seiceáil cáilíochta sonraí
1, 4 agus 6	Ba cheart líon na mball foirne a thuairiscítear faoi na colúin 'a' agus 'b' i bhfoirm slánuimhreacha.
1 agus 2	Má tá luach dearfach ag ró 2, ní mór luach dearfach a bheith ag ró 1 freisin, agus vice versa.
2	Níor cheart go mbeadh luach ró 3 níos airde ná an luach i ró 2
6 agus 7	Má tá luach dearfach ag ró 7, ní mór luach dearfach a bheith ag ró 6 freisin, agus vice versa.
7	Caithfidh luach na rónna 8 agus 9 a bheith comhionann leis an luach i ró 7
10	Níor cheart go mbeadh luach ró 10 níos airde ná luach ró 8
11	Níor cheart go mbeadh luach ró 11 níos airde ná an luach i ró 7

Tábla REM3

Ró	Seiceáil cáilíochta sonraí
1	Caithfidh na luachanna a bheith cothrom le suim na luachanna sna rónna 2, 3, 4, 5 agus 6 do gach colún
7	Caithfidh na luachanna a bheith cothrom le suim na luachanna sna rónna 8, 9, 10, 11 agus 12 do gach colún
13	Caithfidh na luachanna a bheith cothrom le suim na luachanna sna rónna 14, 15, 16, 17 agus 18 do gach colún
19	Caithfidh na luachanna a bheith cothrom le suim na luachanna sna rónna 20, 21, 22, 23 agus 24 do gach colún
25	Caithfidh na luachanna a bheith cothrom le suim na luachanna sna rónna 1, 7, 13 and 19 do gach colún

- Caithfidh na luachanna i gcolún 'a' a bheith cothrom le suim na luachanna i gcolúin 'b' agus 'c' do gach ró

Tábla REM3

Ró	Seiceáil cáilíochta sonraí
1	Caithfidh an uimhir i gcolún 'j' a bheith cothrom le suim ró 2 colún 'c', ró 3 colún 'd' go 'i' agus ró 4 colún 'd' go 'i'
2	Caithfidh colún 'c' a bheith cothrom le suim na gcolún 'a' agus 'b'
3	Caithfidh suim na n-uimhreacha i gcolún 'd' go 'i' a bheith cothrom leis an uimhir i ró 1 colún 'c' den tábla REM1
4	Caithfidh suim na n-uimhreacha i gcolún 'd' go 'i' a bheith cothrom leis an uimhir i ró 1 colún 'd' den tábla REM1
5	Caithfidh an luach in gach colún 'a' go 'i' a bheith cothrom le suim na rónna 6 agus 7 den cholún faoi seach
5	Caithfidh suim cholúin 'c' go 'i' a bheith cothrom le suim na gcolún 'a' go 'd' de ró 17 i dtábla REM1
6	Caithfidh suim cholúin 'a' go 'b' a bheith cothrom leis na luachanna i gcolúin 'a' agus 'b' de ró 10 i dtábla REM1, faoi seach
6	Caithfidh suim cholúin 'c' go 'i' a bheith cothrom le suim na gcolún 'a' go 'd' de ró 10 i dtábla REM1
7	Caithfidh suim cholúin 'a' go 'b' a bheith cothrom leis na luachanna i gcolúin 'a' agus 'b' de ró 2 i dtábla REM1, faoi seach
7	Caithfidh suim cholúin 'c' go 'i' a bheith cothrom le suim na gcolún 'a' go 'd' de ró 2 i dtábla REM1

